



Nótaí don Dalta: Dearadh Gréasáin

- ⚙️ Amharc ar agus bain úsáid as na samplaí de shuíomhanna gréasáin a thug an múinteoir duit. Labhair faoin fháth a n-oibríonn siad go maith agus faoin dóigh a bhfuil an fhaisnéis leagtha amach.
- ⚙️ Úsáid na bogearraí dearadh gréasáin le tionscadal nua suíomh gréasáin a dhéanamh. Úsáid an plean a thug do mhúinteoir duit leis an tsuíomh gréasáin a chruthú.
- ⚙️ Roghnaigh an dearadh teimpléid ba mhaith leat a úsáid don tsuíomh gréasáin agat.
- ⚙️ Roghnaigh na comhaid íomhá atá tú ag iarraidh a úsáid i do thionscadal ó na roghanna a thug an múinteoir duit.
- ⚙️ Cóipeáil an téacs a thug an múinteoir duit agus greamaigh isteach sa tsuíomh gréasáin é. Iompórtáil na híomhánna atá roghnaithe agat go dtí an leathanach gréasáin ceart.
- ⚙️ Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí dearadh gréasáin le naisc a chur isteach idir gach leathanach gréasáin.
- ⚙️ Úsáid comhadainm leis na leathanaigh ghréasáin agat a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- ⚙️ Iarr ar pháirtí ranga breathnú ar do shuíomh gréasáin agus é a thástáil. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.



Nótaí don Dalta: Dearadh Gréasáin

- ⚙️ Amharc ar agus bain úsáid as na samplaí de shuíomhanna gréasáin a thug an múinteoir duit agus/nó mol samplaí de do chuid féin. Labhair faoin fháth a n-oibríonn siad go maith agus faoin dóigh a bhfuil an fhaisnéis leagtha amach.
- ⚙️ Déan plan don tsuíomh gréasáin agat, cuir isteach nótaí ar hipearnaisc, cnaipí nascleanúna, táib nó gnéithe eile ba mhaith leat a chur isteach. Smaoinigh ar cé dó a bhfuil sé (lucht éisteachta) agus cad é ba chóir dó a dhéanamh (cuspóir).
- ⚙️ Úsáid na bogearraí dearadh gréasáin le tionscadal nua suíomh gréasáin a dhéanamh.
- ⚙️ Roghnaigh nó cruthaigh na comhaid íomhá atá tú ag iarraidh a úsáid i do thionscadal.
- ⚙️ Cóipeáil an téacs a thug an múinteoir duit agus greamaigh isteach i do shuíomh gréasáin é. Iompórtáil na híomhánna atá roghnaithe agat go dtí na leathanaigh ghréasáin chearta. Smaoinigh ar fhuaim éigin a chur ar do shuíomh gréasáin, nuair is cuí.
- ⚙️ Úsáid uirlisí agus gnéithe na mbogearraí dearadh gréasáin leis an chuma atá ar do shuíomh gréasáin agus leis an mhothú atá ann a rialú, le go mbeidh sé tarraingteach ag do lucht éisteachta.
- ⚙️ Úsáid comhadainm le leathanaigh an tsuímh gréasáin agat a shábháil, comhadainm a chuideoidh leat féin agus le daoine eile é a aithint.
- ⚙️ Iarr ar pháirtí ranga breathnú ar do shuíomh gréasáin agus é a thástáil. Labhair ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí a d'fhéadfá a fheabhsú.















Nótaí don Dalta: Dearadh Gréasáin

- ❗ Faigh samplaí de shuíomhanna gréasáin atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Déan nóta den taighde seo i do dhialann tionscadail.
- ❗ Déan plean don tsuíomh gréasáin agat, cuir isteach nótaí ar dhearaí leathanach, hipearnaisc, cnaipí nascleanúna, táib, íomhánna nó gnéithe eile ba mhaith leat a chur isteach. Úsáid an teanga a bhaineann le dearadh gréasáin le tacú le do phleanáil.
- ❗ Cruthaigh nó aimsigh an téacs atá de dhíth ort do do shuíomh gréasáin agus cuir é le do phlean.
- ❗ Smaoinigh ar an lucht éisteachta agus ar an chuspóir i rith an ama le linn duit bheith ag pleanáil do shuíomh gréasáin agus ag déanamh eagarthóireachta air.
- ❗ Roghnaigh nó cruthaigh na comhaid íomhá, fuaimne agus físe atá tú ag iarraidh a úsáid i do shuíomh gréasáin.
- ❗ Cóipeáil an téacs a chruthaigh tú agus greamaigh isteach i do shuíomh gréasáin é. Iompórtáil sócmhainní ar bith a roghnaigh tú go dtí na leathanaigh chearta.
- ❗ Nuair atá an bunstruchtúr cruthaithe agat don tsuíomh gréasáin agat, bain triail as gnéithe agus as uirlisí na mbogearraí dearadh gréasáin leis an éifeacht a chruthú atá tú ag iarraidh a bhaint amach.
- ❗ Déan athbhreithniú ar do shuíomh gréasáin le páirtí ranga agus seiceáil an bhfuil gach rud mar a bhí beartaithe agat. Déan athruithe ar bith a chuirfidh feabhas ar an táirge deiridh agat.
- ❗ Úsáid comhadainmneacha ábhartha le do leathanaigh ghréasáin a shábháil.
- ❗ Déan tagairt siar do na nótaí taighde agat i do dhialann tionscadail. Déan nóta de dhá phríomhghné ar a laghad a fhágann go bhfuil do shuíomh gréasáin éifeachtach don lucht éisteachta agus don chuspóir dá ndearnadh é.
- ❗ Smaoinigh ar na gnéithe agus ar na tréithe a gcuirfeá feabhas orthu dá mbeifeá ag déanamh an tsuíomh gréasáin arís. Déan taifead de do chuid smaointe i do dhialann tionscadail.
- ❗ Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.



Nótaí don Dalta: Dearadh Gréasáin

-  Faigh samplaí de shuíomhanna gréasáin atá ábhartha don tionscadal agat agus déan athbhreithniú orthu. Sainaithin na príomhthréithe a dhéanann éifeachtach iad. Socraigh cé acu de na tréithe seo atá tábhachtach don tionscadal agat. Cosain an fáth a bhfuil rún agat iad a chur isteach i do shuíomh gréasáin. Déan nóta den chosaint seo i do dhialann tionscadail.
-  Agus an suíomh gréasáin á phleanáil agat smaoinigh ar na riachtanais atá ag an lucht éisteachta ar leith atá agat. Déan nóta díobh seo mar chuspóirí do do tháirge deiridh i do dhialann tionscadail. Déan tagairt do do chuid nótaí le linn phróiseas na heagarthóireachta lena chinntiú go bhfuil tú ag comhlíonadh na gcuspóirí seo.
-  Cruthaigh plan mionsonraithe don tsuíomh gréasáin agat, cuir isteach nótaí ar dhearaí leathanach, hipearnaic, cnaipí nascleanúna, táib, íomhánna nó gnéithe eile ba mhaith leat a chur isteach. Úsáid an teanga a bhaineann le dearadh gréasáin le tacú le do phleanáil.
-  Cuimhnigh ar do lucht féachana i gcónaí le linn duit bheith ag planáil do shuíomh gréasáin agus ag déanamh eagarthóireachta air.
-  Roghnaigh nó cruthaigh na comhaid íomhá, fuaimne agus físe atá tú ag iarraidh a úsáid i do shuíomh gréasáin.
-  Cóipeáil an téacs a chruthaigh tú agus greamaigh isteach i do leathanaigh ghréasáin é. Iompórtáil sócmhainní ar bith a roghnaigh tú go dtí na leathanaigh chearta.
-  Cinntigh go bhfuil na comhaid a d'úsáid tú le do dhearadh a dhéanamh slachtmhar. Scríos comhaid mhóra ar bith nach bhfuil de dhíth níos mó. Sábháil do chuid oibre ag pointí tábhachtacha agus déan cóip le nach gcaillfear leaganacha rathúla.
-  Nuair atá an bunstruchtúr atá ag do shuíomh gréasáin cruthaithe agat, bain triail as gnéithe agus as uirlisí na mbogearraí dearadh gréasáin leis an éifeacht a chruthú atá tú a iarraidh.
-  Déan tástáil agus athbhreithniú ar do shuíomh gréasáin le páirtí ranga. I do dhialann tionscadail, cuir béim ar réimsí a gcaithfidh tú tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Déan athruithe nuair is cuí. Déan an próiseas athbhreithnithe seo arís go dtí go bhfuil do tháirge deiridh chomh cóngarach agus is féidir don chéad intinn a bhí agat agus tú ag cur do chuid cuspóirí san áireamh.
-  Úsáid comhadainmneacha ábhartha le do leathanaigh ghréasáin a shábháil.
-  Nuair atá an suíomh gréasáin foilsithe agat, déan nótaí i do dhialann tionscadail a thugann cosaint den méid a chomhlíonann do tháirge do chuid cuspóirí tosaigh. Déan tagairt ar leith don lucht éisteachta agus don chuspóir agat. Déan taifead de chuspóirí ar bith nach bhfuil sé á gcomhlíonadh go hiomlán.
-  Glac gabháil scáileáin de do chomhad, oscail é sna bogearraí a d'úsáid tú lena chruthú (formáid chomhad dúchais). Cuir sin ag deireadh do dhialainne tionscadail.